**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – UB v Kauno teritorinė muitinė**

**(Cás C-489/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cód Custaim an Aontais – Múchadh fiachais custaim – Earraí a thugtar isteach go neamhdhleathach i gcríoch custaim an Aontais – Urghabháil agus coigistiú – Treoir 2008/118/CE – Dleachtanna máil – Treoir 2006/112/CE – Cáin bhreisluacha – Teagmhas inchánach – Inmhuirireacht)***

(2022/C 213/13)

*Teanga an cháis: an Liotuáinise*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* UB

*Cosantóir:* Kauno teritorinė muitinė

*i láthair:* Muitinės departamentas prie Lietuvos Respublikos Finansų ministerijos

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 124(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a léirmhíniú sa chaoi sin go bhfuil an fiach custaim múchta nuair a dhéantar earraí a urghabháil agus a choigistiú tar éis iad a thabhairt isteach go neamhdhleathach iad i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh.

2) Ní mór Airteagal 2(b) agus Airteagal 7(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na rialacha ginearálta maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE, chomh maith le hAirteagal 2(1)(a)(d) agus Airteagal 70 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a léirmhíniú sa chaoi sin nach bhfuil sé i gceist leis an bhfiach custaim a mhúchadh ar an gcúis dá bhforáiltear in Airteagal 124(1)(a)(e) de Rialachán Uimh. 952/2013, fiacha a bhaineann le dleachtanna máil agus cáin bhreisluacha ar earraí a tugadh go mídhleathach isteach i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh, faoi seach, a mhúchadh.

([1]) IO C 433, 14.12.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Nederlandstalige Ondernemingsrechtbank Brussel – an Bheilg) – Q, R, S v United Airlines, Inc.**

**(Cás C-561/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompair – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu – Eitilt nascála ina bhfuil dhá mhír eitilte – Moill fhada ar an gceann scríbe mar gheall ar mhoill sa dara cuid den eitilt sin idir dhá aerfort i dtríú tír – Bailíocht an rialacháin seo faoin dlí idirnáisiúnta)***

(2022/C 213/14)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nederlandstalige Ondernemingsrechtbank Brussel

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Q, R, S

*Cosantóir:* United Airlines, Inc.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 3(1)(a), arna léamh i dteannta Airteagail 6 agus 7 de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil paisinéir ar eitilt nascála, comhdhéanta de dhá mhír eitilte agus a cuireadh in áirithe trí áirithint amháin le hiompróir Comhphobail, ag imeacht ó aerfort atá ar chríoch Bhallstáit chuig aerfort atá suite i dtríú tír trí aerfort eile sa tríú tír sin, i dteideal cúitimh ó aeriompróir tríú tír a rinne an eitilt ar fad ag gníomhú dó thar ceann an iompróra Comhphobail sin, sa chás go bhfuil a cheann scríbe sroichte ag an bpaisinéir sin le moill níos mó ná trí huaire an chloig mar gheall ar mhoill sa dara cuid den eitilt sin.

2) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an dara ceist, níor aimsíodh aon saincheist a dhéanfadh difear do bhailíocht Rialachán Uimh. 261/2004 maidir le prionsabal an dlí idirnáisiúnta gnách go bhfuil ceannas iomlán agus eisiach ag gach stát ar an aerspás os cionn a chríche.

(1) IO C 128, 12.04.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tríú Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) – J v H Limited**

**(Cás C-568/20)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Raon feidhme – Airteagal 2(a) – Coincheap an "chinnte" – Ordú íocaíochta arna eisiúint i mBallstát eile tar éis scrúdú achomair agus contrártha ar chinneadh a rinneadh i dtríú Stát – Airteagal 39 – Infhorfheidhmitheacht sna Ballstáit)***

(2022/C 213/15)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* J

*Cosantóir:* H Limited

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 2(a) agus Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus maidir le haitheantas agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a léirmhíniú sa chaoi gur cinneadh é ordú íocaíochta arna ghlacadh ag cúirt de chuid Ballstáit ar bhonn breithiúnas críochnaitheach arna thabhairt i dtríú Stát atá infhorfheidhmithe sna Ballstáit eile má tugadh é tar éis imeachtaí sáraíochta sa Bhallstát tionscnaimh agus má tá dearbhaithe infhorfheidhmithe ann, ní dhéanann cineál cinnidh difear, áfach, do cheart an chosantóra a iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán seo, diúltú an fhorfheidhmithe ar cheann de na cúiseanna dá dtagraítear in Airteagal 45 den Rialachán sin.

(1) IO C 28, 25.01.2021

---